

# Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

PLÉCHÁIPÉIS LE  
MÁIRE NÍ BHAOILL  
AGUS  
PÁDRAIG Ó DUBHIR

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Uimhir 1  
Deireadh Fómhair 2004

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

# Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeilge agus lán-Ghaeilge

Máire Ní Bhaoil  
agus  
Pádraig Ó Duibhir

Teagasc na Gaeilge  
Roinn an Oideachais  
Coláiste Phádraig  
Droim Conrach  
Baile Átha Cliath 9

Deireadh Fómhair 2004

Tá leagan Béarla den  
cháipéis seo ar fáil ar  
[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)  
An English language  
version of this document  
is available on  
[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)



## Réamhrá

Tá treoir á lorg ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge maidir le tús na léitheoireachta. Tá cleachtais éagsúla in úsáid ag múinteoirí agus ag scoileanna maidir leis seo faoi láthair (Ó Siaghail agus Déiseach, 2004; Ní Bhaoill, 2004): léitheoireacht na Gaeilge ar dtús ag cuid acu, léitheoireacht an Bhéarla ar dtús ag cuid eile agus léitheoireacht sa dá theanga go comhuaineach ag líon áirithe chomh maith. Cíorfair na gnéithe difriúla a bhaineann leis an gceist sa pháipéar seo i bhfianaise taithí na n-údar, mar aon le scagadh ar an taighde is déanaí ar an ábhar. Bíonn an dá scil, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, fite fuaite ina chéile go hiondúil agus páistí ag tosú ar iad a shealbhú. Baintear úsáid as an téarma 'litearthacht' i gcuid mhaith den litríocht ar an ábhar. Nuair a dhéantar trácht ar thús na léitheoireachta sa pháipéar seo, tá sé intuigthe go bhfuil tús na scríbhneoireachta i gceist chomh maith.

Déantar cur síos ar dtús ar an gcomhthéacs ina mhúintear léitheoireacht i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus ar chuid de na cúinsí gur gá a chur san áireamh agus an cheist á scagadh. Tugtar léargas ansin ar na cleachtais éagsúla atá i réim faoi láthair in Éirinn agus i dtíortha eile. Ina dhiaidh sin, déantar scagadh anseo ar chuid den litríocht agus den taighde a bhaineann le tús na litearthachta in dhá theanga nó an délitearthacht. Déantar roinnt plé ansin ar chur chuige don léitheoireacht agus áitítear go bhfuil gá le treoirínte níos cinnte do mhúinteoirí maidir le léitheoireacht Ghaeilge agus Bhéarla i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Luaitear na páistí le deacrachtaí foghlama ansin agus an tacaíocht atá de dhíth ó scoileanna chun cuidiú leis na páistí seo. Ar deireadh, tugtar moltaí na n-údar ar na céimeanna go mba chóir a ghlacadh i bhfianaise an chleachtais faoi láthair, an léirbhreithniú litríochta, riachtanais na bpáistí agus taithí na n-údar mar mhúinteoirí.

## An comhthéacs ina múintear an léitheoireacht

Luann Baker agus Jones (1998) deich gcineál córas dátheangach, sé cinn acu lag agus ceithre cinn láidir. Péire de na cinn láidre is iad 'Immersion' agus 'Maintenance/Heritage Language Program' (Baker agus Jones, 1998: 470). Oireann an dá chineál seo dar leis na húdair chun rangú a dheánamh ar chomhthéacs an oideachais trí Ghaeilge in Éirinn do na páistí a thógtar le Gaeilge agus iad siúd a shealbhaíonn an Ghaeilge ar scoil.

Do na páistí nach dtógtar le Gaeilge agus a shealbhaíonn an Ghaeilge ar scoil, is scoileanna tumoideachais iad na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tumtar na páistí seo sa Ghaeilge ón gcéad lá ar scoil agus de réir a chéile forbraítear a gcumas sa teanga. Aithnítear go bhfuil páistí sa ghrúpa seo ar bheagán Gaeilge chomh maith toisc gur fhreastal siad ar naíonra nó go raibh seantuismitheoir nó a leithéidí ag labhairt Gaeilge leo. Go deimhin, bíonn páistí sa ghrúpa seo freisin ar bheagán Béarla toisc go labhraíonn siad teanga eile sa bhaile.

Maidir leis na páistí a thógtar le Gaeilge ní féidir a rá gur córas tumoideachais atá i gceist dóibhsean toisc go bhfuil an Ghaeilge acu cheana féin. Is scoileanna dátheangacha iad de réir an dara córais ag Baker agus Jones (1998) thuas. Déantar cothabháil ar theanga oidhreachta na bpáistí sa scoil. Bíonn an seomra ranga dátheangach ach leagtar béim ar mháthairtheanga an pháiste sa chás seo .i. an Ghaeilge. Tá sé mar aidhm sa dá chóras seo an páiste a bheith dátheangach agus déliteartha mar thoradh ar a chuid oideachais. Ní dhéantar failí ar chumas Béarla an pháiste a thógtar le Gaeilge toisc gur mhórtéanga é an Béarla agus go mbíonn dóthain deiseanna ag an bpáiste teacht i dteagmháil leis an teanga sin lasmuigh den scoil chun cur leis an obair a dhéantar istigh sa scoil. Aithníonn na húdair mar sin go mbíonn cumais éagsúla Gaeilge ag páistí agus iad ag tosú ar an scoil agus gur ghá iad seo a chur san áireamh agus polasaí na scoile i leith tús na léitheoireachta á bheartú.

Cuirtear oideachas dátheangach agus tumoideachas ar fáil do pháistí in iliomad tíortha ar fud an domhain agus déanfar scagadh ar an taighde agus ar an gcleachtas maidir le tús na léitheoireachta i gcuid de na tíortha sin. Dar le Kenner & Gregory (2003), go bhfuil níos mó páistí dátheangacha ná aonteangacha ar fud an domhain agus níos mó díobh ag fáil a gcuid oideachais go dátheangach nó tríd an dara teanga ná mar atá á fháil sa mháthairtheanga. Maíonn siad chomh maith gur féidir le páistí an-óg a bheith il-líteartha agus go nglactar leis mar chuid nádúrtha d'fhorbairt na litearthachta i go leor suíomhanna go hidirnáisiúnta. Is ceart mar sin ceist na léitheoireachta a iniúchadh sa chomhthéacs leathan seo.

Is minic, agus múinteoirí ag lorg treorach maidir le tús na léitheoireachta, go gcuirtear an cheist i dtéarmaí, cé acu teanga Gaeilge nó Béarla go mba chóir tosú léi. Léirigh Coady (2001) ina cuid taighde ar 134 múinteoirí i 15 scoil lán-Ghaeilge go raibh múinteoirí éiginnte faoi na himpleachtaí a bhain le tosú le léitheoireacht fhoirmiúil i nGaeilge ar dtús. Is é tuairim na n-údar áfach go bhfuil an cheist níos leithne ná sin. Ní mór an teanga teagaisc a chur i gcomhthéacs na modheolaíochta agus na scileanna teanga eile chomh maith. Tá ceithre shnáithe, gurb ionann iad agus na scileanna teanga, luaite i gcuraclam na Gaeilge (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a) – éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Cé go bhfuil na scileanna scartha óna chéile sa churaclam, comhtháthaítear iad i gceachtanna Gaeilge. I gceacht ina bhfuil an bhéim ar an léitheoireacht mar shampla, d'fhéadfadh na páistí a bheith ag éisteacht, ag labhairt agus ag scríobh chomh maith. Ní féidir mar sin breathnú ar thús na léitheoireachta gan na scileanna teanga eile agus cur chuige an mhúinteora a chur san áireamh.

# An t-ord ina dtosaítear ar an léitheoireacht fhoirmiúil

Faoi mar a luadh thuas, tá trí chineál polasaí éagsúla i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge faoi láthair maidir le tús na léitheoireachta;

- 1 léitheoireacht na Gaeilge ar dtús
- 2 léitheoireacht an Bhéarla ar dtús
- 3 léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla ag an am céanna.

Rinne Ní Bhaoill (2004) taighde ar na scoileanna lán-Ghaeilge maidir le tús na léitheoireachta foirmiúla i nGaeilge agus i mBéarla. Léirítear i dtáblaí 1.1 agus 1.2 thíos na freagraí a nochtadh ar an gceist ‘Cén teanga lena dtosaíonn an scoil ar léitheoireacht fhoirmiúil?’ Léirítear dá réir sin an réimse cleachtais atá i réim sna scoileanna sin ar fud na tíre maidir le tús na léitheoireachta foirmiúla agus go bhfuil difríochtaí suntasacha idir chúigí áirithe m.sh. Uladh: 100% ag tosú le Gaeilge; Connacht: 70% ag tosú le Béarla. Níl figiúirí ar fáil do na scoileanna Gaeltachta.

**Tús na léitheoireachta i scoileanna lán-Ghaeilge:  
Gaeilge ar dtús, Béarla ar dtús nó Gaeilge agus Béarla go comhuaineach**

Tábla 1.1

	N	%
Gaeilge ar dtús	51	58.0
Béarla ar dtús	32	36.4
Gaeilge agus Béarla ag an am céanna	5	5.7
<b>Iomlán</b>	<b>88</b>	<b>100.0</b>

*N= Líon na scoileanna a sheol an ceistiúchán ar ais as 122 scoil*

**Tús na léitheoireachta de réir cúige**

Tábla 1.2

	*Uladh		Mumhan		Laighean		Connacht	
	**N	%	N	%	N	%	N	%
Gaeilge ar dtús	8	100	18	69.2	22	50	3	30
Béarla ar dtús	0	0	8	30.8	17	38.6	7	70
Gaeilge agus Béarla ag an am céanna	0	0	0	0	5	11.4	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>8</b>	<b>100</b>	<b>26</b>	<b>100</b>	<b>44</b>	<b>100</b>	<b>10</b>	<b>100</b>

*\*Dún na nGall, Muineachán agus Cabhán.*

*\*\*N = Líon na scoileanna a d'fhreagair i ngach cúige (Ní Bhaoill, 2004)*

Is léir ó na torthaí seo go bhfuil cleachtais éagsúla i réim ar fud na tíre maidir le tús na léitheoireachta foirmiúla i scoileanna lán-Ghaeilge, agus go bhfuil difríochtaí suntasacha idir chúigí áirithe m.sh. Uladh: 100% ag tosú le Gaeilge; Connacht: 70% ag tosú le Béarla.

Sa chéad ghrúpa, múineann 58% de scoileanna lán-Ghaeilge léitheoireacht na Gaeilge ar dtús agus ní labhraítear aon Bhéarla leis na páistí de ghnáth go dtí am éigin sna naionáin shinsearacha nó níos déanaí. Luath-thumoideachas iomlán atá á gcleachtadh anseo (Hickey, 1995). Tugtar tús áite don Ghaeilge atá mar dhara teanga (T2) ag formhór na bpáistí. Is mar sin a mhúintear an léitheoireacht i scoileanna tumoideachais i dtuaisceart Éireann (DENI, 2000), in Alban (Scottish Office Education Department, 1993), sa Bhreatain Bheag (ACCAC, 2000) agus is é an ceann is coitianta é i scoileanna tumoideachais i gCeanada (Halsall, 1995). Aithnítear sna scoileanna seo gur gá na páistí a thumadh sa spriotheara i gcóras tumoideachais chun go bhfaighidh siad máistreacht uirthi agus gur féidir é seo a dhéanamh gan dochar a dhéanamh don chéad teanga (Baker et al., 1998; Cummins, 2000; Ewart agus Straw, 2001). Is mar seo a leanas a dhéantar cur síos air sna treoirlínte náisiúnta in Alban:

In the case of children entering a Gaelic-medium school at P1 who are not fluent Gaelic speakers, the main emphasis in the first two years will be on gaining oral competence in Gaelic. This is the immersion phase. (Scottish Office Education Department, 1993)

Tógtar ar na scoileanna teanga atá sealbhaithe ag an bpáiste cheana féin i mBéarla nó i nGaeilge sna blianta tosaigh ar scoil, ag aithint go mba chóir go bhféadfaí na scoileanna sin a thraschur go Béarla réasúnta éasca ar ball (Noonan et al., 1997; Scottish Office Education Department, 1993). Glactar dearcadh fadtréimhseach maidir le dul chun cinn an pháiste sa dá theanga. In Alban mar shampla, is í an aidhm atá ag scoileanna ná: ‘... to bring pupils to the stage of broadly equal competence in Gaelic and English, in all the skills, by the end of P7’ (Scottish Office Education Department, 1993).

Sa dara grúpa, múineann 36% de scoileanna lán-Ghaeilge léitheoireacht an Bhéarla ar dtús. Tugtar tús áite don Bhéarla atá mar mháthairtheanga (T1) ag formhór na bpáistí. Tá an polasaí seo i roinnt scoileanna tumoideachais i gCeanada (Noonan et al., 1997). Déantar amhlaidh mar go gcreidtear go mbeidh sé níos éasca ar an bpáiste dul i ngleic leis an téacs scríofa ina mháthairtheanga ar dtús, mar go bhfuil bunús maith faoina chumas cainte inti (Ewart agus Straw, 2001).

Is féidir na scileanna léitheoireachta a thraschur go dtí an dara teanga ar ball (Noonan et al., 1997). Bíonn na hábhair eile á múineadh trí Ghaeilge agus bíonn na páistí tumtha sa Ghaeilge i ngach ábhar eile seachas Béarla. De réir na dtuairiscí atá faighte ag na húdair ó mhúinteoirí a ghlacann an cur chuige seo, bíonn siad breá sásta leis na torthaí agus deir go leor acu gurb é a theastaíonn ó thuismitheoirí. Tagraíonn Noonan et al. (1997) do Cummins a shileann go mb'fhéidir go gcabhródh an cur chuige seo le scoileanna tumoideachais i gCeanada páistí a choinneáil agus nach bhfágfadh an oiread céanna de bhri go gcreideann tuismitheoirí gur fearr tosú le léitheoireacht sa chéad teanga.

Sa tríú grúpa, múineann 5.7% de scoileanna lán-Ghaeilge léitheoireacht sa dá theanga, Gaeilge agus Béarla go comhuaineach. Tá an polasaí seo ar fáil arís i roinnt scoileanna tumoideachais i gCeanada (Noonan et al., 1997). Dar leis na múinteoirí sna scoileanna seo in Éirinn, tá Gaeilge á sealbhú ag na páistí ar scoil muna bhfuil Gaeilge acu ón mbaile agus tá Béarla ag an bhformhór mór acu ón mbaile nó ón timpeallacht. Creideann siad gur féidir le páistí scileanna léitheoireachta a shealbhú in dhá theanga ag an am céanna.

Tá an cheathrú cur chuige ann i gCeanada agus b'fhéidir go bhfuil sé ar fáil i roinnt scoileanna Gaeltachta in Éirinn. Cosúil leis an gcéad chur chuige thuas déantar léitheoireacht sa dara teanga ar dtús. Anuas ar sin bíonn forbairt na scileanna éisteachta agus labhartha go neamhfhoirmiúil sa chéad teanga. Sa Calgary Catholic Board of Education caitear 30 nóiméad le Teagasc Críostaí as Béarla agus 30 nóiméad le scileanna éisteachta agus labhartha sa Bhéarla (Noonan et al., 1997).

Tá sé ina chúis ghearáin ag scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge nach dtugtar aon treoir sa churaclam Béarla (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999b) dóibh maidir le hord tús na léitheoireachta. Ní luaitear na cineálacha seo scoileanna nó ní aithnítear ann go bhfuil riachtanais faoi leith foghlama teanga ag páistí a thógtar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht nó lasmuigh di agus atá ag foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga. Maidir le Curaclam na Gaeilge, tá an méid seo ráite ann maidir le tús na léitheoireachta,

Moltar gan tosú ar léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga ag an am céanna i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ba cheart i gcónaí fanacht go mbíonn an páiste réidh don léitheoireacht agus bunús maith faoina c(h)umas cainte. (*An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:5*)



Tá na scoileanna sa tríú grúpa thuas a chuireann tús le léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla go comhuaineach ag teacht salach ar an treoir seo. Dúirt roinnt príomhoidí ón gcéad ghrúpa thuas leis na húdair go molann cigirí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go láidir dóibh, Béarla a mhúineadh ón tús mar gur cuid den churaclam é agus go bhfuil faillí á dhéanamh ar mháthairtheanga na bpáistí. Is é tuiscint na n-údar gurb é polasaí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta treoir a thabhairt do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge dhá uair an chloig go leith a chaitheamh ag múineadh Béarla in aghaidh na seachtaine sna naionáin shóisearacha.

Léirítear i dtábla 1.3 thíos na tosca a luaigh scoileanna, i dtaighde Uí Bhaoill (2004), go mbíonn tionchar acu ar thús na léitheoireachta foirmiúla i nGaeilge. Is léir go bhfuil tionchar an-láidir ó mhúinteoirí le taithí roinnt blianta, rud go mbeifeá ag súil leis nuair nach bhfuil treoirlínte cinnte ar fáil. Tá tionchar sách láidir ag Curaclam na Bunscoile agus ag moltaí ó chigirí chomh maith. Is beag tionchar, de réir na bhfreagraí, atá ag tuismitheoirí i mbeagnach 60% de scoileanna lán-Ghaeilge. Fuarthas torthaí nach mór mar an gcéanna do léitheoireacht an Bhéarla chomh maith. Bíonn tionchar an-láidir ag múinteoirí le taithí ar 81% de scoileanna agus iad ag cruthú polasaithe maidir le tús na léitheoireachta foirmiúla sa Bhéarla agus d'fhreagair 53% de scoileanna gur beag tionchar a bhíonn ag mianta tuismitheoirí ar chruthú polasaithe. Bréagnaíonn na freagraí seo na tuairimí a nochtann múinteoirí go minic faoin mbrú a thagann ó thuismitheoirí, caighdeán léitheoireachta na bpáistí sa Bhéarla a choimeád ar aon leibhéal le caighdeán léitheoireachta na bpáistí i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga. Ceann de na gnéithe go mbíonn rath na dtumchlár ag brath air is ea dearcadh dearfach a bheith ag tuismitheoirí i leith na scoile agus oideachas a bpáistí. Ba chóir do scoileanna a chinntiú, mar sin, go mbíonn ionchur ag tuismitheoirí i ndruchtú polasaithe agus go míneodh foireann na scoile na polasaithe sin dóibh nuair atá siad faofa ag an mBord Bainistíochta. Anuas air sin, bíonn ról lárnach ag tuismitheoirí, a bpáistí a ullmhú don litearthacht trí scéalta a léamh, leabhair a chur ar fáil agus a bpáistí a spreagadh chun léimh (*An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999c*).

Tábla 1.3

**Tosca go mbíonn tionchar acu ar thús na léitheoireachta foirmiúla i nGaeilge (% de scoileanna)**

	*N	% Tionchar láidir	Tionchar cuíosach láidir	Gan mórán tionchair	Gan fhreagra
Comhairle ó mhúinteoirí le taithí	88	83.0	13.6	1.1	2.3
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta /Curaclam na Bunscoile	88	51.1	33.0	11.4	4.5
Treoir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta /Moltaí ó Chigirí	88	48.9	26.1	17.0	8.0
Cúrsaí inseirbhíse /Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile	88	37.5	36.4	18.1	8.0
Taighde idirnáisiúnta ar thús na léitheoireachta	88	14.8	29.5	50.0	5.7
Treoirlínte ó Ghaelscoileanna	88	12.5	23.9	56.8	6.8
Cúrsaí inseirbhíse eile	88	8.0	28.4	38.6	25.0
Míanta tuismitheoirí	88	8.0	23.9	59.0	9.1

*N= Líon na scoileanna a sheol an ceistiúchán ar ais as 122 scoil (Ní Bhaoill, 2004)*

Léirítear i dtábla 1.3 thuas go bhfuil polasaithe éagsúla i réim do thús na léitheoireachta i scoileanna lán-Ghaeilge. Luaigh go leor scoileanna i dtaighde Uí Bhaoill (2004) nach raibh na treoirlínte sách cinnte sna doiciméid churaclaim chun cabhrú leo a bpolasaithe a chur in oiriúint do riachtanais fhoghlama na bpáistí i scoileanna lán-Ghaeilge, agus go raibh géarghá le tuilleadh treorach.

## Léirbhreithniú litríochta

Déanfar scagadh anseo thíos ar chuid den litríocht agus den taighde a bhaineann le tús na litearthachta agus le litearthacht in dhá theanga nó an délitearthacht.

Rinne Neil et al. (2000) léirbhreithniú ar an litríocht a bhain le cainteoirí Béarla a bhíonn tumtha i dteanga eile. Maidir leis an délitearthacht molann siad:

...in the case of minority children, it is almost universally recommended that the children should be allowed to cement their reading skills in the L1 and that this foundation supports the development of literacy in L2. In the case of majority language immersion children, it is understood that the exposure to L1 is so intense in the environment that reading skills are firstly acquired in the school language (Neil et al., 2000: 59).

Dá nglacfaí leis an moladh seo, d'fhéadfaí treoir a thabhairt do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge tosú le léitheoireacht na Gaeilge ar dtús. Má ghlactar leis gur mionteanga í an Ghaeilge, d'oirfeadh an cur chuige seo do pháistí lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht arb í an Ghaeilge a máthairtheanga. I gcás na bpáistí arb é an Béarla a máthairtheanga, d'oirfeadh sé chomh maith mar go bhfuil dóthain teagmhála acu leis an mBéarla, ar mórtheanga í, lasmuigh den scoil.

Bíonn tuismitheoirí agus oideachasóirí buartha faoi dhul chun cinn na bpáistí sa Bhéarla i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá fianaise ann sa taighde ar an tumoideachas gur féidir le páistí foghlaim tríd an dara teanga gan aon dochar a dhéanamh dá ndul chun cinn sa chéad teanga (Baker et al., 1998; Neil et al., 2000). Fuair Swain agus Lapkin amach i 1982:

In Kindergarten through grade 3, immersion students lag behind their peers in the regular program in some aspects of English language skills ... Such results are not surprising, since no formal English language instruction is provided before grade 2, 3 or sometimes 4. By the end of grade 5, however, immersion children perform as well as, or better than, their English-educated peers on all aspects of English language skills measured by standardised tests. (Swain & Lapkin 1982: 36)

Fuair Johnstone et al. (1999) an toradh céanna le tumdhaltáí in Alban. Chuir siad na torthaí acadúla a ghnóthaigh na páistí a fuair a gcuid oideachais trí mheán Gaeilge na hAlban i gcomparáid le páistí a fuair a gcuid oideachais trí Bhéarla. Taighde ar scála réasúnta leathan a bhí i gceist. Ghlac 34 scoil ina raibh teagasc trí mheán na Gaeilge iontu páirt sa taighde.

Dob é seo iomlán na scoileanna go raibh rang P7 iontu. Cuireadh torthaí na bpáistí sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa mhatamaitic agus san eolaíocht i gcomparáid leis na torthaí náisiúnta do na hábhair sin. Maidir le Béarla deirtear sa tuarascáil; 'English proved to be the area in which the attainments of Gaelic-medium pupils were most encouraging of all.

The AAP data showed a clear advantage over English-medium pupils nationally' (Johnstone et al., 1999:69). Go ginearálta, ba é an phríomhchonclúid a bhí acu ná:

At the very least it may be claimed that children educated through the medium of Gaelic are not disadvantaged in comparison with their counterparts who are educated through the medium of English and that in the process they have gained the advantage of becoming bilingual and bicultural. (Johnstone et al., 1999:67)

I dtaighde conspóideach a rinne Macnamara (1966) ar bhreis is 1,000 páiste i scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna ina raibh an Ghaeilge mar dhara teanga, léirigh sé gur éirigh leis na páistí sna scoileanna lán-Ghaeilge an leibhéal céanna a bhaint amach leis na páistí sna scoileanna ina raibh an Ghaeilge mar dhara teanga ar thrialacha tuisceana léitheoireachta sa Bhéarla (English Reading Comprehension). Deineadh comparáid den chineál céanna sa suirbhé náisiúnta a rinne an Roinn Oideachais in Éirinn ar léitheoireacht an Bhéarla i mbunscoileanna náisiúnta i 1988. Scrúdaíodh gach páiste a bhí i rang a cúig i scoil lán-Ghaeilge ag an am. 476 páiste a bhí i gceist. Nuair a cuireadh iad i gcomparáid leis an sampla náisiúnta, léiríodh gur ghnóthaigh na páistí sna scoileanna lán-Ghaeilge scóir níos airde (An Roinn Oideachais, 1991). Caithear a bheith cúramach leis na torthaí seo áfach, toisc nár cuireadh stádas socheacnamaíoch, éirim na bpáistí nó dearcadh na dtuismitheoirí san áireamh. Is cosúil nár bailíodh eolas mar seo in aon cheann de na suirbhéanna náisiúnta ó shin. B'inmholta an rud é an t-eolas seo a bhailiú sa chéad suirbhé náisiúnta eile.

Rinne Cummins (1977) taighde ar scála beag a rinne comparáid idir pháistí i rang 3 i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna ina raibh an Ghaeilge mar dhara teanga maidir lena gcumas i léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla. Bhí na páistí ag freastal ar chúig scoil difriúla. Trí rang a bhí i gceist sna scoileanna lán-Ghaeilge agus dhá rang sna scoileanna meán Béarla. Chuir sé stádas socheacnamaíoch, éirim na bpáistí agus dearcadh na dtuismitheoirí san áireamh. Mhúin scoil lán-Ghaeilge amháin léitheoireacht na Gaeilge ar dtús agus mhúin an dá scoil lán-Ghaeilge eile léitheoireacht an Bhéarla ar dtús. Léirigh torthaí an taighde nach raibh aon difríocht idir na páistí sa dá chineál scoileanna maidir lena gcumas i léitheoireacht an Bhéarla agus go raibh na páistí sna scoileanna lán-Ghaeilge go mór chun tosaigh maidir lena gcumas i léitheoireacht na Gaeilge. Ní heol don údar seo ar deineadh aon idirdhealú idir na torthaí a fuair na páistí sna scoileanna lán-Ghaeilge a thosaigh le léitheoireacht na Gaeilge ar dtús agus iad siúd a thosaigh le léitheoireacht an Bhéarla ar dtús.

Caithfear a bheith cúramach leis an úsáid a bhainfear as an dá thaighde thuasluaite. Tá tréimhse maith ama imithe ón uair a rinneadh iad. Deineadh taighde amháin acu ar scála beag agus níor chuir an taighde eile athróa áirithe san áireamh. Ba ghá iniúchadh a dhéanamh ar na scrúduithe a d'úsáid Cummins chomh maith. Tá siad ag teacht áfach leis an taighde a luadh cheana gur féidir foghlaim tríd an dara teanga gan dochar a dhéanamh don dul chun cinn sa chéad teanga. Dar le teangeolaithe áirithe, tá buntáistí ag baint leis an délitearthacht agus maítear go n-éascaíonn foghlaim na léitheoireachta i dteanga amháin foghlaim i dteanga eile (Baker, 2000).

Rinne Ewart agus Straw (2001) taighde cosúil le Cummins thuas i ndá rang i scoileanna tumoideachais i gCeanada. Thosaigh ceann díobh le léitheoireacht an Bhéarla (T1) ar dtús agus an ceann eile le léitheoireacht na Fraincise ar dtús (T2). Theastaigh uatha a fháil amach cé acu teanga go mba chóir tús a chur leis an léitheoireacht inti. Taighde cáilíochtúil a bhí ann agus thug siad cuairteanna rialta ar an dá rang. Ag deireadh na tréimhse, tar éis dóibh torthaí an dá rang a chur i gcomparáid lena chéile, ba é an tuairim a bhí acu ná:

...we concluded from our data that the language of instruction may not be at the heart of this question, but rather, what instructional model is the most efficient for language development and what are the teaching strategies that are based on this model... In other words the ability of the teacher to teach literacy takes precedence over the language of instruction. (Ewart agus Straw, 2001:196)

Thug Noonan et al. (1997) faoi thaighde a dheánadh ar aon dul le Ewart agus Straw. Roghnaigh siad sin dhá ghrúpa de 47 páiste a bhí cothrom maidir le hinscne, le cúlra socheacnamaíoch agus le héirim de. Thosaigh grúpa amháin le léitheoireacht an Bhéarla (T1) ar dtús agus an grúpa eile le léitheoireacht na Fraincise ar dtús (T2). Úsáideadh modhanna múinte éagsúla leis an dá ghrúpa i nGrád 1 agus Grád 2, ach úsáideadh an modh múinte céanna leis an dá dhream i nGrád 3. Bhí na modhanna múinte seo bunaithe ar na treoirí sa churaclam; 'Thematic, whole-language, resource-based approach' (Noonan et al. 1997). Nuair a rinneadh trialacha orthu i nGrád 3, ní raibh aon difríochtaí suntasacha eatarthu maidir lena gcumais léitheoireachta sa Fhraincís nó sa Bhéarla. Ba í tuairim na dtaighdeoirí go mb'fhéidir nach ndéanann sé aon difríocht cibé teanga lena dtosaítear mar go mbíonn traschur scileanna ó theanga amháin go teanga eile i gceist faoi mar a mhaígh Cummins thuas.

Tagraíonn Cummins (2000) féin do thaighde ón Afraic, ón Eoraip agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá a thacaíonn leis na torthaí seo. Thug sé an freagra seo a leanas ar an gceist, *'Will students suffer academically if they are introduced to reading in their second language?'*

The research indicates that the language of initial introduction of reading is not, in itself, a determinant of academic outcomes' (Cummins, 2000: 215). Toradh eile spéisiúil ón taighde a luann Cummins (2000) ar pháistí dátheangacha, agus bheadh impleachtaí ann d'oidreachas na bpáistí a thógtar le Gaeilge anseo, is ea; '...there is no direct relationship between the instructional time spent through the medium of a majority language and academic achievement in that language' (Cummins, 2000: 189). Dá seasfadh na torthaí sin sna scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn nach múineann aon Bhéarla sna naíonáin shóisearacha, ciallóidh sé nach bhfuil aon fhaillí á dhéanamh ag na scoileanna sin ar chaighdeán Béarla na bpáistí.

Tugann Cummins míniú ar an gcúis go bhféadfadh páistí i gcóras tumoideachais Gaeilge a bheith chomh maith ag an mBéarla le páistí i scoileanna meán Bhéarla in ainneoin go gcaitheann siad i bhfad níos lú ama leis an mBéarla ar scoil. Maíonn sé go bhfuil cumas bunúsach comónta teanga ann agus deir sé; 'The interdependence or common underlying proficiency principle implies that experience with either language can promote development of the proficiency underlying both languages' (Cummins 1984: 143). Tugann Cummins (2000: 186) míniú níos cuimsithí ar an bprionsabal seo; 'transfer across languages of conceptual knowledge and academic skills (such as learning and reading strategies) compensates for the reduced instructional time through the majority language.' Nuair a fhorbraíonn an páiste, i scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge, scileanna litearthachta i nGaeilge, is féidir leis an gcumas bunúsach comónta teanga cabhrú leis na scileanna sin a thraschur go Béarla agus meastar gur mó an seans go dtarlóidh sé seo ó mhionteanga go mórtheanga. Is mar seo a leanas a chuireann Baker é; 'The ability to understand the meaning of text, learned in one language, becomes available when learning to read in a second language' (Baker 2000: 92).

Deir Hickey (1995) go mbíonn dátheangachas suimíoch i gceist nuair a bhíonn ardchumas sa dá theanga ag duine. Tagraíonn Moll et al. (2001) d'obair Landry agus Allard (1991) le himircigh sna Stáit Aontaithe; 'they conclude that additive bilingualism for a minority group's members is only possible when the frequency of opportunities for linguistic contact in L1 can compensate for the dominance of L2' (Moll et al, 2001:446). Tá sé le tuiscint as seo go gcaithfidh dóthain teagmhála a bheith ag páistí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge leis an nGaeilge chun cúiteamh a dhéanamh ar cheannasaíocht an Bhéarla le go mbainfidh siad dátheangachas suimíoch amach. Tá sé tábhachtach go

gcruthaítear deiseanna do pháistí le go bhfaighidh siad teagmháil leis an nGaeilge taobh amuigh den seomra ranga chomh maith. Faigheann scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge tacaíocht ó eagraíochtaí éagsúla cosúil le Gael-Linn, An Fhéile Scoil Drámaíochta, Údarás na Gaeltachta, Gaelscoileanna agus Comhluadar chun suímh chumarsáide lasmuigh den scoil a chruthú don Ghaeilge. Tá nascanna cruthaithe ag scoileanna le leabharlanna áitiúla freisin agus bíonn stór maith leabhar Gaeilge ar fáil sna leabharlanna. Ó am go chéile, tugann scoileanna cuireadh do scéalaithe agus scríbhneoirí teacht chun na scoile agus scéalta a léamh nó a insint do na páistí.

Rinne Kenner et al. (2004) taighde spéisiúil i bhfoirm cás-staidéar ar sheisear páiste ó chúlraí teanga éagsúla i Londain a bhí ag foghlaim na scríbhneoireachta go comhuaineach i mBéarla agus i dteanga eile. Sínis, Araibis agus Spáinnis na teangacha a bhí i gceist. Dar ndóigh, tá difríochtaí móra idir Bhéarla agus Sínis ó thaobh scríobh de agus idir an Béarla agus Araibis maidir le treoshuíomh na scríbhneoireachta. In ainneoin na ndifríochtaí sin, níor cuireadh mearbhall ar na páistí agus iad ag plé le dhá chóras scríbhneoireachta ag an am céanna. B'amhlaidh go raibh buntáistí cognaíocha ann. Spreagadh na páistí chun machnamh a dhéanamh ar na prionsabail ar a bhfuil na córais éagsúla scríbhneoireachta bunaithe. De réir Kenner & Gregory, 2003, léiríonn an taighde ar pháistí óga gur féidir leo idirdhealú a dhéanamh idir dhá chóras scríbhneoireachta nó níos mó agus go gcruthaíonn siad a dtuiscintí féin ar na bealaí a oibríonn na córais scríbhneoireachta.

Pléann Ewart agus Straw (2001) ról na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta i bhforbairt na héisteachta agus na labhairt na teanga. Tuairiscíonn siad, '...instruction in print-based competency can enhance oral competency' (Ewart agus Straw, 2001: 196). Tagraíonn Moll et al. (2001) d'obair Edelsky (1999), a chreideann gur réasúnaíocht bhréige í, a eascraíonn as suímh aonteacha, go dtagann oilteacht éisteachta agus labhartha roimh oilteacht litearthachta. Síleann Cummins (1984) go bhfuil an teanga ó bhéal, an fhoghlaim agus sealbhú na litearthachta spleách ar a chéile.

Léiríonn na tuairimí seo agus an fhianaise ón taighde thuas go gcaithfear a bheith solúbhtha agus oscailte maidir le tús na léitheoireachta agus nach féidir é a scarúint ó shealbhu na scileanna teanga eile. Nochtar sa litríocht gur féidir tosú le léitheoireacht sa dara teanga ar dtús gan aon dochar a dhéanamh don chéad teanga. Dá nglacfaí leis an toradh a fuair Neil et al. (2000) ba chóir treoir a thabhairt do scoileanna tosú le léitheoireacht na Gaeilge ar dtús. Dar le taighdeoirí áirithe áfach, d'fhéadfá tosú le léitheoireacht in dhá theanga ag an am céanna agus bheadh na páistí in ann dó. Faoi mar a dúirt Ewart agus Straw (2001), b'fhéidir nach é an teanga ina shealbhaíonn páistí an léitheoireacht an rud is tábhachtaí, ach an cur chuige a úsáideann an múinteoir.

## Cur chuige don léitheoireacht

Cuirtear in iúl sa taighde a rinne Johnstone et al. (1999) in Alban; 'There is a case for further research and a clear need for further professional development for teachers on this specific aspect of how literacy skills in Gaelic may be best developed (Johnstone et al., 1999:70).' Measann na húdair go bhfuil cur síos réasúnta cuimsitheach ar chur chuige do mhúineadh na léitheoireachta sna doiciméid churaclaim don Ghaeilge agus don Bhéarla (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999c agus 1999d) ach caithfear aontú le tuairim Johnstone agus a chomhghleacaithe go bhfuil gá le tuilleadh taighde agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí. I dtaighde Uí Bhaoill (2004), ba sna réimsí feasacht ar chóras fuaimeanna (*phonological awareness*) agus feasacht ar fhóinímí (*phonemic awareness*) ba mhó a bhí múinteoirí ag lorg treorach agus iad ag cur tús le léitheoireacht fhoirmiúil. Ba cheart, mar sin, treoirínte leasaithe a ullmhú anois a chuirfeadh san áireamh riachtanais shainiúla na bpáistí agus na múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Is léir mar shampla ó thábla 1.4 thíos go bhfuil scéim chinnte luathlitearthachta ag teastáil ó mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge. Tá pacáiste *Séideán Sí* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/Foras na Gaeilge 2003) ag freagairt don éileamh seo de réir a chéile ach b'fhéidir nach leor é. Ní mór leanúint leis an inseirbhís do mhúinteoirí ar na bealaí is éifeachtaí le *Séideán Sí* a chur i bhfeidhm chomh maith.

### Na rannóga ina bhfáilteofar roimh fhorbairt maidir le léitheoireacht fhoirmiúil na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge

Tábla 1.4

	N	% Fáilte mhór	% Fáilte	% Ba chuma	% Gan fhreagra
Scéim chinnte luathlitearthachta	88	81.8	11.4	2.3	4.5
Comhairle ar cén uair is fear léitheoireacht fhoirmiúil na Gaeilge a thosú	88	62.5	25.0	6.8	5.7
Eolas ar thaighde idirnáisiúnta ar thús na léitheoireachta i scoileanna tumoideachais i dtíortha eile eile mar Cheanada agus an Bhreatain Bheag	88	42.0	40.9	10.2	6.9

(Ní Bhaoill, 2004)



Tá na treoirínite don Ghaeilge agus don Bhéarla (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999c agus 1999d) bunaithe ar an eolas is déanaí a bhí ar fáil ag an am maidir le múineadh na léitheoireachta. Tá taithí na gcúig bliana ó foilsíodh na doiciméid le cur leis sin i dtreoirínite leasaithe. Má shocraíonn scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge tosú le léitheoireacht na Gaeilge ar dtús, ba chóir, dar leis na húdair, na treoirínite don Ghaeilge agus don Bhéarla a leanúint i dteannta a chéile go dtí go mbeidh treoirínite leasaithe ar fáil. Bunphrionsabal a luaitear sna treoirínite is ea:

... that the child's language competence, attention span, concentration and perceptual abilities should be well developed before being introduced to a formal reading scheme. Consequently, much of the child's first year at school will be devoted to oral language and informal reading activities. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999d: 50).

Leagtar béim mar sin ar an bpáiste a bheith ullamh don litearthacht agus gan bhrú a chur air/uirthi róluath. Léitheoireacht neamhfhoirmiúil a bheidh ann sna naíonáin shóisearacha is cuma cé acu teanga atá i gceist.

Déantar cur síos sna treoirínite don Bhéarla ar an tábhacht a bhaineann le feasacht ar chóras fuaimeanna (*phonological awareness*) na teanga atá le léamh. Ní mór don léitheoir na siombail ar an leathanach a aithint agus a dhíchódú go héifeachtach. Tarraingíonn an léitheoir ar an tuiscint atá aige/aici ar fhogharluach na litreacha. Chomh maith leis sin, forbraíonn a c(h)umas téacs a thuar (*syntactic awareness*) agus brí a bhaint as a bhfuil á léamh aige/aici (*semantic awareness*) (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999d; Bentley et al., 2002). Tá buntáistí ag an léitheoir sa Bhéarla atá in ann focail a bhriseadh ina shiollaí agus anailís a dhéanamh ar na fuaimeanna sna siollaí. Tugtar 'onset' i mBéarla ar an bhfuaim a thagann roimh an guta agus an 'rím' ar an gcuid eile den siolla m.sh. an focal 'bán' as Gaeilge, is é 'b-' is ea an 'onset' agus '-án' is ea an rím. Is féidir 500 focal a chruthú go héasca i mBéarla má bhíonn 37 rím ar eolas ag an léitheoir (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999d). Ní heol do na húdair go bhfuil na buntáistí céanna ag baint leis an nGaeilge. Tá anailís áirithe déanta ag Institiúid Teangeolaíochta Éireann ar chorpas na Gaeilge ([www.ite.ie](http://www.ite.ie)). Chabhródh breis anailíse le cur ar chumas múinteoirí cuidiú leis an léitheoir tosaigh Gaeilge.

Ceann de shnáithaonaid Churaclam na Gaeilge is ea fonn léitheoireachta a chothú. Ní mór cuimhneamh air seo agus cur chuige do thús na léitheoireachta Gaeilge á phlé. Ní leor cumas léitheoireachta ann féin muna bhfuil dúil sa léitheoireacht Ghaeilge ag páistí agus réimse leathan ábhar suimiúil le léamh acu. Tá tuairimí suimiúla ina thaobh seo nochtaithe ag leithéidí Hickey agus Ó Cainín, Ó Baoill, Ó Murchú, Denvir agus Ó Raghallaigh ina n-aistí sa leabhar *Idir Líubíní* (Ní Mhianáin, 2003) go mb'fhiú iad a chur san áireamh i ndrúchtú treoirínite leasaithe.

Is é tuairim na n-údar, mar sin, go dteastaíonn treoirínite leasaithe do thús na léitheoireachta Gaeilge agus Béarla ina dtabharfar aitheantas do na riachtanais éagsúla foghlama teanga atá ag páistí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. D'fhéadfadh go mbeadh gá le taighde i réimsí éagsúla sula bhféadfaí treoirínite cinnte cuimsitheacha a sholáthar.

## Páistí le riachtanais speisialta

Réimse eile gur gá aghaidh a thabhairt air sa chomhthéacs seo is ea na páistí go mbíonn deacrachtaí acu leis an léitheoireacht. Léiríonn tábla 1.5 go bhfaigheann beagnach 14% de pháistí i scoileanna lán-Ghaeilge cabhair bhreise le léitheoireacht. Is i mBéarla is mó a fhaigheann páistí an chabhair seo in ainneoin go dtosaíonn beagnach 60% (58% nó 51 scoil as 88 scoil i dtábla 1.1 thuas) léitheoireacht fhoirmiúil sa Ghaeilge. Is léir go dteastaíonn treoir ó scoileanna maidir le tacaíocht fhoghlama de.

### An meán ina chuirtear cabhair bhreise ar fáil do pháistí ó mhúinteoir tacaíochta foghlama

Tábla 1.5

	Céatadán de pháistí a fhaigheann cabhair bhreise	
	Meán	Diallas (deviation) caighdeánach
Gaeilge	1.85%	0.04
Béarla	11.78%	0.08

(Ní Bhaoill, 2004)

Suimiúil go leor, i dtaighde Uí Bhaoill (2004), léirigh cúpla scoil gur beag deacracht a bhí ag daltaí le léitheoireacht na Gaeilge i gcomparáid le léitheoireacht an Bhéarla. Míniú amháin air seo, ná go mb'fhéidir go bhfuil ortagrafaíocht na Gaeilge níos rialta ná ortagrafaíocht an Bhéarla nó go dtagann níos lú athruithe ar fhuaimneanna na litreacha i nGaeilge ná i mBéarla. Chabhródh anailís bhreise ar an teanga i gcomhthéacs fheasacht ar chóras fuaimneanna na Gaeilge.

Cuid lárnach den phróiseas múinteoireachta agus foghlama is ea an measúnú. Feictear i dtábla 1.6 na huirlisí measúnaithe atá in úsáid ag múinteoirí chun léitheoireacht na Gaeilge a mheas. Luaigh scoileanna i bhfreagraí oscailte i dtaighde Uí Bhaill (2004) go raibh gá le trialacha caighdeánacha Gaeilge do scoileanna lán-Ghaeilge, agus ar ndóigh bheadh an riachtanas céanna i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga. Ní raibh na Próifílí Curaclaim (Ó Siaghail, G. agus Déiseach, C., 2004) foilsithe ag an am agus is cinnte go gcabhróidh na próifílí seo le múinteoirí agus iad ag measúnú cumas Gaeilge na bpáistí. Mar sin féin, teastaíonn trialacha caighdeánaithe agus diagnóiseacha chun páistí a mheas. Caithfear a bheith amhrasach faoin bhfigiúr de 47.7% de scoileanna a úsáideann trialacha caighdeánacha nuair nach bhfuil ach trialacha Droim Conrach ar fáil i nGaeilge agus iad as dáta. De réir An Foras Taighde ar Oideachas, Droim Conrach, is beag scoil a lorgaíonn na trialacha seo fiú amháin.

**Minicíocht an tsóirt mheasúnaithe a dhéantar ar léitheoireacht na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge (% de scoileanna)**

Tábla 1.6

	*N	Gach lánach mór	Uair sa tseachtain	Uair sa mhí	Gach lán cúpla mí	Uair sa bhliain	Ní dhéantar measúnú	Ar iarraidh	Iomlán
<b>Dírhbheathnú</b>	88	83.0	9.0	0.0	0.0	0.0	0.0	8.0	100
<b>Trialacha neamhfhoirmiúla</b>	88	47.7	23.9	9.1	8.0	1.1	0.0	10.2	100
<b>Taifeadadh reatha</b>	88	9.3	21.0	18.6	17.4	5.8	4.7	23.2	100
<b>Measúnú diagnóiseach (m.sh: Neale Analysis)</b>	88	0.0	0.0	0.0	2.3	29.5	28.4	39.8	100
<b>Iosta seiceála chun scagtha</b>	88	0.0	9.1	8.0	11.4	18.2	19.2	34.1	100
<b>Trialacha caighdeánacha (m.sh: Micra T, Drumcondra Reading Tests)</b>	88	0.0	0.0	0.0	3.4	47.7	15.9	33.0	100

(Ní Bhaill, 2004)

Is minic i dtaití na n-údar go moltar do thuismitheoirí, bunaithe ar thorthaí measúnaithe, páistí le deacrachtaí foghlama a aistriú ó scoil lán-Ghaeilge go scoil meán Béarla. D'fhiosraigh Harley (1991) an chúis gur fhág páistí le deacrachtaí foghlama sa léitheoireacht scoileanna tumoideachais. Ag déanamh tagartha do Morrison et al. (1986), léirigh Harley gurbh iad deacrachtaí le scileanna léitheoireachta ba chúis le 64% agus 80% den dream a d'fhág in dhá Bhord Oideachais in Ottawa. Theastaigh uaithi a fháil amach ar fhág siad de bharr gur sa dara teanga (T2) a thosaigh siad léitheoireacht fhoirmiúil ar dtús. De réir Harley, ní raibh fianaise ar fáil gur fhág na páistí na scoileanna tumoideachais de bharr gur cuireadh tús le léitheoireacht i bhFraincis (T2). Dúirt sí go raibh gach seans go mbeadh na deacrachtaí céanna ag na páistí le léitheoireacht dá mbeadh siad i scoil T1. Tá na tuairimí seo ag teacht le Bruck (1978) a cheap

'... children with language disabilities can benefit and learn in French immersion programs ... they should not be excluded from such programs merely because it is felt that their first language development is poor' (Bruck 1978:70).

Dúirt Harley chomh maith, gur léir gur thóg thuismitheoirí na páistí go raibh deacrachtaí léitheoireachta acu as na scoileanna tumoideachais toisc nach raibh tacaíocht fhoghlama cheart nó sásúil ar fáil dá bpáistí.

## Achoimre agus moltaí

Tá dhá chineál scoile ag teagasc trí Ghaeilge in Éirinn, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge. Cuirtear tumoideachas ar fáil d'fhormhór na bpáistí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus do chuid de na páistí sna scoileanna Gaeltachta. Oideachas dátheangach a chuirtear ar fáil do na páistí a thógtar le Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá polasaithe éagsúla i bhfeidhm i scoileanna maidir le tús na léitheoireachta de. Tosaíonn cuid de na scoileanna le léitheoireacht na Gaeilge ar dtús, cuid eile léitheoireacht an Bhéarla ar dtús agus tarlaíonn léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla ag an am céanna sna scoileanna eile. Is é an chéad chleachtas .i. léitheoireacht na Gaeilge ar dtús an ceann is coitianta de réir torthaí Uí Bhaoill (2004) agus is é an polasaí atá i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann, in Alban agus sa Bhreatain Bheag. Tá tacaíocht ar fáil sa taighde don pholasaí seo ach léirítear chomh maith go mb'fhéidir nach é an t-ord ina dtosaítear an léitheoireacht an gné is tábhachtaí ach cur chuige an mhúinteora. In éagmais taighde i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge sa tír seo ar an ábhar, is fearr a bheith solúbtha faoin gceist mar sin.

Aontaíonn na húdair le Ó Siaghail agus Déiseach, 2004 go bhfuil gá le taighde chun éifeacht agus oiriúnacht na bpolasaithe éagsúla maidir le tús na léitheoireachta a mheas. Ba chóir comparáidí a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla polasaithe atá i bhfeidhm agus na modhanna múinte a chur san áireamh chomh maith.

Idir an dá linn, ba chóir a mholadh do scoileanna tosú le léitheoireacht na Gaeilge ach níor chóir iachall a chur orthu é seo a dhéanamh. D'fhéadfaí treoir cinnte a thabhairt nuair a bheidh taighde fadtréimhseach déanta.

Aithnítear sa litríocht an tábhacht a bhaineann le cur chuige an mhúinteora don léitheoireacht. Moltar go ndrúachtfaí treoirlínte cuimsitheacha do mhúineadh na léitheoireachta Gaeilge sa chéad teanga. Bheadh clár leathan don luathlitearthacht mar chuid de na treoirlínte seo. Ba chóir tarraingt ar an méid atá ar fáil go dtí seo i 'Séideán Sí (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/Foras na Gaeilge 2003) chomh maith agus leanúint leis an inseirbhís atá á chur ar fáil do mhúinteoirí ar an bpacáiste seo. B'fhéidir go mbeadh gá le taighde i réimsí éagsúla sula bhféadfaí treoirlínte cinnte cuimsitheacha a sholáthar.

Moltar go gcuirfead i gcrích an obair anailise ar mhinicíocht focal agus ar fhóneolaíocht na Gaeilge a tosaíodh in Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Níl aon dabht ach go bhfuil feabhas tagtha ar an réimse d'ábhar léitheoireachta atá ar fáil do pháistí, a bhuíochas d'iarreachtaí An Gúm, Séideán Sí, Cló Mhaigh Eo, Cló Iar-Chonnachta, An tÁisaonad, Fios Feasa 7rl. Tá géarghá go fóill áfach, cur leis an réimse sin trí tuilleadh leabhar, póstaer, dlúthdhioscaí, fógraí, CD-Rom, suímh idirlín 7rl. a sholáthar chun spreagadh agus cúis a thabhairt do pháistí ardscoiléanna léitheoireachta a shealbhú.

Aithnítear in Alban, i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain Bheag agus i gCeanada go bhfuil scoileanna tumoideachais ann agus tá torthaí taighde ann in Alban, i gCeanada agus i dtíortha eile a léiríonn gur féidir páistí a theagasc tríd an dara teanga gan aon dochar a dhéanamh don chéad teanga in ainneoin go gcaitear níos lú ama leis an gcéad teanga. Deir Cummins sa chomhthéacs seo; 'Will greater amounts of English instruction (time-on-task) result in greater English achievement?' the answer is simply, no. The research data overwhelmingly fails to show any positive relationship between amounts of English instruction in a program and student outcomes' (Cummins, 2000: 215).

Ba cheart aitheantas a thabhairt don chóras tumoideachais in Éirinn agus mar chuid de sin nach mbeadh iachall ar scoileanna Béarla a mhúineadh, go dtí am éigin sna naíonáin shinsearachas más é sin an polasaí a shocraíonn an scoil.

Teastaíonn aitheantas sa churaclam Béarla do na cúinsí faoi leith teanga i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Mar chuid de sin, ba chóir a aithint go bhfuil páistí i scoileanna Gaeltachta ach go háirithe ag sealbhú an Bhéarla mar dhara teanga. Dar ndóigh, baineann sé seo le go leor páistí idirnáisiúnta sa tír chomh maith. Ba chóir treoirilinte breise a chur ar fáil do mhúineadh an Bhéarla mar dhara teanga sa Ghaeltacht agus mar dhara teanga scoile i scoileanna lán-Ghaeilge.

Moltar go ndéanfaí tuilleadh iniúchta ar pholasaithe i scoileanna tumoideachais i dTuaisceart Éireann, in Alban agus sa Bhreatain Bheag maidir le tús na léitheoireachta agus le meastóireacht.

Tá fianaise ann ó Cheanada go bhfuil córas tumoideachais oiriúnach do pháistí le deacrachtaí foghlama ach an tacaíocht chúí a bheith ar fáil sa scoil.

Moltar go mbaileofaí níos mó eolais faoin gcleachtas idirnáisiúnta maidir le páistí go bhfuil deacrachtaí foghlama acu i scoileanna tumoideachais.

Moltar go ndearfaí réimse leathan trialach diagnóiseach agus caighdeánaithe chun cumas na bpáistí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a mheas.

Moltar meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán léitheoireachta na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, mar chuid de shuirbhé náisiúnta ar an léitheoireacht, a luaithe is a bheidh trialacha chaighdeánaithe ar fáil.

Moltar go gcuirfí seirbhísí síceolaíochta, teiripe cainte 7rl. ar fáil trí Ghaeilge do pháistí a thógtar le Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, rud atá dlite dóibh.

Moltar go rachfaí i gcomhairle leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachasúil (NEPS) d'fhonn nasc faoi leith a chothú idir an tSeirbhís agus scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Bheadh sé mar aidhm ag an nasc seo cur leis an saineolas atá bailithe ag síceolaithe agus ag múinteoirí araon agus é a leathnú tríd earnáil na Gaelscolaíochta go náisiúnta.

Moltar go gcuirfí seirbhís tacaíochta foghlama ar fáil do pháistí sa Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

### **Maidir le cúrsaí meastóireachta i gcoitinne:**

Moltar go n-iarrfaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta eolas a chlárú faoi na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge nuair a bhíonn suirbhé náisiúnta ar léitheoireacht an Bhéarla á dhéanamh, sa chaoi is gur féidir na scóir sna scoileanna sin a chur i gcomparáid leis na torthaí náisiúnta.

Teastaíonn trialacha chun measúnú a dhéanamh ar na scileanna eile teanga seachas an léitheoireacht amháin. Ba cheart na trialacha seo a úsáid chun taighde fadtréimhseach a dhéanamh ar chumas Gaeilge na bpáistí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ag cur athróga éagsúla san áireamh. Bheadh sé tábhachtach tuairimí agus dearcadh múinteoirí, páistí, iarscoláirí, cigirí agus tuismitheoirí a fháil mar chuid den taighde sin le hionchur a fháil ó na páirtithe uilig san oideachas.

# Leabharliosta

**ACCAC** (Qualifications, Curriculum and Assessment Authority for Wales) (2000) *Welsh in the National Curriculum in Wales*. Cardiff: ACCAC

**Baker, C.** agus Prys Jones, S. (1998) *Encyclopaedia of Bilingualism and Bilingual Education*. Clevedon: Multilingual Matters.

**Baker, C.** (2000) *A Parents' and Teachers' Guide to Bilingualism*. Clevedon: Multilingual Matters.

**Bentley, S.,** Laurie, J., Harrod, P. agus Taylor, K. (2002) English: *The Best Combination*. I Johnston, J., Chater, M. agus Bell, D. (Eag) *Teaching the Primary Curriculum* (53-78). Buckingham: Open University Press.

**Bruck, M.** (1978) *The Suitability of Early French Immersion Programs for the Language-disabled Child*. Canadian Journal of Education 3, 51-72.

**Coady, M** (2001) *Policy and Practice in Bilingual Education: Gaelscoileanna in the Republic of Ireland*. Tráchtas dochtúireachta, Ollscoil Colorado.

**Cumann Múinteoirí Éireann** (1998) *An Ghaeilge sa Bhunscoil – Plécháipéis*. Baile Átha Cliath: An t-údar.

**Cumann Múinteoirí Éireann** (2003) *Language in the Primary School: Discussion document for INTO Consultative Conference on Education*. Baile Átha Cliath: An t-údar.

**Cumas** (2003). *Éamh- Taighde ar Oideachas agus Óige i gConamara*. Gaillimh: Cumas Teo.

**Cummins, J.** (1977) *A comparison of reading achievement in Irish and English medium schools*. I V. Greaney (Eag.) *Studies in Reading*. Baile Átha Cliath: An Comhlacht Oideachais.

**Cummins, J.** (1984) *Bilingualism and Special Education: Issues in Assessment and Pedagogy*. Clevedon: Multilingual Matters.

**Cummins, J.** (2000) *Language, Power and Pedagogy: Bilingual Children in the Crossfire*. Clevedon: Multilingual Matters.

**DENI** (2000) *Programme of Study for Irish (in Irish Speaking Schools) at Key Stage 1* ar fáil ag [http://www.deni.gov.uk/parents/key\\_stages/pdfs/irish/1\\_iris.pdf](http://www.deni.gov.uk/parents/key_stages/pdfs/irish/1_iris.pdf)

**Edelsky, C** (1989) *Bilingual children's writing: Fact and Fiction*. I Johnson D. M. agus Roen D. H. (Eag.), *Richness in writing: Empowering ESL students (165-176)*. New York: Longman.

**Ewart, G.** agus Straw, S. (2001) *Literacy Instruction in Two French Immersion Classrooms in Western Canada*. Language, Culture and Curriculum 14, 2, 187-199.

**Gregory, E** (1996) *Making Sense of a New World: Learning to Read in a Second Language*. London: Chapman.

**Halsall, N.** (1995) *Introducing English language arts in early French Immersion*. Ottawa: Canadian Association of Immersion Teachers.

**Harley, B.** (1991) *Directions in Immersion Research*. Journal of Multilingual and Multicultural Development 12, 9-19

**Hickey, T.** (1995) *Léirbhreithniú ar Thorthaí Taighde ar an Dátheangachas*. Teangeolas 34, 24-31.

**Hickey, T.** (2001) *Múineadh léitheoireacht na Gaeilge agus an Curaclam Athbhreithnithe*. Teangeolas 40, 55-65.

**Johnstone, R.,** Wynne, H., MacNeil, M., Stradling, B. agus Thorpe, G. (1999) *The Attainments of Pupils Receiving Gaelic-medium Primary Education in Scotland*. University of Sterling: Scottish CLT.



## Leabharliosta

**Kenner, C.** agus Gregory, E. (2003) *Becoming Biliterate*. I Hall, N., Larsen, J. agus Marsh, J. (Eag.) *Handbook of Early Childhood Literacy (Ich 178-188)* London: Sage.

**Kenner, C.**, Kress, G., Al-Khatib, H., Kam, R., agus Tsai, K. (2004) *Finding the Keys to Biliteracy: How young children interpret different writing systems*. *Language and Education* 18, 2, 124-144.

**Landry, R.** agus Allard, R. (1991) *Can schools promote additive bilingualism in minority group children?* I M. Malavé agus G. Duquette (Eag.) *Language, culture and cognition* (198-231). Clevedon: Multilingual Matters.

**Macnamara, J.** (1966) *Bilingualism and primary education : a study of Irish experience*. Edinburgh: Edinburgh University Press.

**Moll, L.**, Sáez, R. agus Dworin, J. (2001) *Exploring Biliteracy: Two Student Case Examples of Writing as a Social Practice*. *The Elementary School Journal* 101, 4, 435-449.

**Neil, P.**, Nig Uidhir, G. agus Clarke, F. (2000) *Native English speakers immersed in another language - a review of the literature*. An Roinn Oideachais do Thuaisceart Éireann.

**Ní Bhaoill, M.** (2004) *Tús na Léitheoireachta Foirmiúla Gaeilge agus Béarla i Scoileanna lán-Ghaeilge*. Tráchtas neamhfhoilsithe, Coláiste Phádraig.

**Ní Mhianáin, R.** (Eag.) (2003) *Idir Lúbíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

**Noonan, B.**, Colleau, J. and Yackulic, R. (1997) *Two Approaches to Beginning Reading in Early French Immersion*. *Canadian Modern Language Review* 53, 729-742.

**Nunan, D.** (2000). *Language Teaching Methodology: a textbook for teachers*. London: Longman.

**Ó Siaghail, G.** agus Déiseach, C. (2004) *Próifíil Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge Baile Átha Cliath*: An Foras Taighde ar Oideachas.

**An Roinn Oideachais** (1991) *Report on the National Survey of English Reading in Irish Primary Schools 1988 (Tag. 1687A/130A)* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.

**An Roinn Oideachais** agus Eolaíochta (1999a) *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge Baile Átha Cliath*: Oifig an tSoláthair.

**An Roinn Oideachais** agus Eolaíochta (1999b) *Primary School Curriculum: English Baile Átha Cliath*: Oifig an tSoláthair.

**An Roinn Oideachais** agus Eolaíochta (1999c) *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge. Teoirintí do mhúinteoirí. Baile Átha Cliath*: Oifig an tSoláthair.

**An Roinn Oideachais** agus Eolaíochta (1999d) *Primary School Curriculum: English. Teacher guidelines*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

**An Roinn Oideachais** agus Eolaíochta/ Foras na Gaeilge (2003a) *Séideán Sí, Cúrsa Comhtháite Gaeilge (Leabhar an Oide A)*. Baile Átha Cliath: An Gúm

**An Roinn Oideachais** agus Eolaíochta/ Foras na Gaeilge (2003b) *Séideán Sí, Leabhar Cúnta an Oide (Ag Obair Liom)*. Baile Átha Cliath: An Gúm

**Scottish Office Education Department** (1993) *National Guidelines 5-14: Gaelic* [www.ltscotland.org.uk/5to14](http://www.ltscotland.org.uk/5to14) .

**Swain, M.** agus Lapkin, S. (1982) *Evaluating Bilingual Education: A Canadian Case Study*. Clevedon: Multilingual Matters.

**Foireann na Comhairle  
Muireann Ní Mhóráin,  
Príomhfheidhmeannach**

**Aisling Nic Craith,  
Feidhmeannach Riaracháin**

**Oifig na Comhairle  
22 Plás Mhic Liam,  
Baile Átha Cliath 2**

**Tel: 01 634 0831  
eolas@cogg.ie  
www.cogg.ie**

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta

